Seirbhís Traenach Trasteorann

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar mhír nuachta ar ball faoin tseirbhís traenach trasteorann.

Bí ag obair leis an duine in aice leat.

An bhfuil eolas ar bith agat ar na fadhbanna a bhain leis an tseirbhís le déanaí?

An bhfuil an tseirbhís seo tábhachtach dar leat? Cén fáth?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mhír nuachta, féach an féidir Gaeilge a chur ar na téarmaí seo a leanas.

Busy_____

Delay_____

Sea erosion_____

Expecting_____

Results of Investigation_____

Because of_____

Engineering work_____

Offering_____

Discount fee_____

Joy_____

Ceist 3 Anois féach ar an mhír nuachta agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

1. An seirbhís náisiúnta nó idirnáisiúnta í an tseirbhís seo?
2. Cathain ar briseadh an t-iarnród i Mullach Íde?
3. Cén t-ainm atá ar an traein a dhéanann an turas?
4. Cé mhéad punt a chaill Translink?
5. Cé mhéad euro a chaill Iarnród Éireann?
6. Cén modh taistil a bhí ag paisinéirí ó Dhroichead Átha go Baile Átha Cliath fad is a bhí obair ar siúl ar an iarnród?

Ceist 4 Féach ar an mhír arís agus déan iarracht na bearnaí a líonadh leis na focail *i gcló iodálach.*

Ar ais arís! Bhí_____ traenach idir Baile Átha Cliath agus_____ *An Enterprise*, gnóthach inniu den _____ uair le míonna. Ó mhí _____ nuair a thug píosa den iarnród uaidh, bhí ar phaisinéirí aistriú ón traein go bus ag Droichead Átha agus dá bharr thit líon na_____ 60% meastar. Cé go raibh moill _____ uaire ar an tseirbhís inniu, bhí _____ air.

éileamh, Lúnasa, bpaisinéirí, an tseirbhís, ceathrú, Béal Feirste, chéad,

Ceist 5 Cén ghné den ghramadach atá i gceist le "*Táthar ag tairiscint*"

Ceartaigh na focail idir lúibíní chun an aimsir cheart a chur in iúl.

1. (Rith + mé) abhaile ón scoil fadó.
   Aimsir ghnáthchaite
2. (Clois + muid) torann aisteach ón ngairdín.
   Aimsir chaite
3. An (Ceannaigh + tú) carr nua dá mbeadh an t-airgead agat?
   Modh coinníollach
4. Cá (faigh + tú) an cóta álainn sin, a Chiara?
   Aimsir chaite
5. (Téigh + muid) chuig an bpictiúrlann ina dhiaidh seo.
   Aimsir fháistineach
6. An (creid + tú) i nDia dá mbeifeá i do Chaitliceach?
   Modh Coinníollach
7. Ar (ceartaigh + sibh) na cóipleabhair sin fós?
   Aimsir chaite
8. "(Dún + sibh) bhur mbéil anois", a deir an Príomhoide.
   Modh ordaitheach

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

1. Cén córas taistil is fearr libh féin?
2. An bhfuil praghsanna Iarnród Éireann réasúnta, dar libh?
3. An gceapann sibh go bhféadfaí Iarnród faoi thalamh a thógáil in Éirinn amach anseo?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

Busy	Gnóthach
Delay	Moill
Sea erosion	Creimeadh Farraige
Expecting	Ag dréim / Ag súil
Results of Investigation	Torthaí fiosrúcháin
Because of	Siocair
Engineering work	Obair innealtóireachta
Offering	Tairiscint
Discount fee	Táille Lascaine
Joy	Lúcháir

Ceist 3 Anois féach ar an mhír nuachta agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

1. Is seirbhís idirnáisiúnta í an tseirbhís seo.
2. Briseadh an t-iarnród i Mullach Íde i Mí Lúnasa.
3. An “Enterprise” an t-ainm atá ar an traein.
4. Chaill Translink dhá mhilliún punt.
5. Chaill Iarnród Éireann deich milliún euro.
6. Bhí seirbhís bus ó Dhroichead Átha go Baile Átha Cliath.

Ceist 4 Ar ais arís! Bhí **an tseirbhís** traenach idir Baile Átha Cliath agus **Béal Feirste** *An Enterprise*, gnóthach inniu den **chéad** uair le míonna. Ó mhí **Lúnasa** nuair a thug píosa den iarnród uaidh, bhí ar phaisinéirí aistriú ón traein go bus ag Droichead Átha agus dá bharr thit líon na **bpaisinéirí** 60% meastar. Cé go raibh moill **ceathrú** uaire ar an tseirbhís inniu, bhí **éileamh** air.

Ceist 5 Is briathar saor, aimsir láithreach atá i gceist -*(Tá + siad) ag tairiscint*.

1. **Rithinn** abhaile ón scoil fadó.
   Aimsir ghnáthchaite
2. **Chualamar** torann aisteach ón ngairdín.
   Aimsir chaite
3. An **gceannófá** carr nua dá mbeadh an t-airgead agat?
   Modh coinníollach
4. Cá **bhfuair tú** an cóta álainn sin, a Chiara?
   Aimsir chaite
5. **Rachaimid** chuig an bpictiúrlann ina dhiaidh seo.
   Aimsir fháistineach
6. An **gcreidfeá** i nDia dá mbeifeá i do Chaitliceach?
   Modh Coinníollach
7. Ar **cheartaigh sibh** na cóipleabhair seo fós?
   Aimsir chaite
8. "**Dúnaigí** bhur mbéil anois", a deir an Príomhoide.
   Modh ordaitheach

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola
Tá an tseirbhís iomlán traenach trasteorann idir Baile[1] Átha Cliath agus Béal Feirste ar ais i mbun oibre inniu ach cailleadh na milliúin euro agus punt le cúpla mí anuas de bharr laghdú ar líon na bpaisinéirí. Ní raibh seirbhís dhíreach traenach idir an dá chathair ó mhí Lúnasa nuair a chlis an droichead i Mullach Íde. Tá an scéal ag Áine Ní Ghallchóir.

Áine Ní Ghallchóir
Ar ais arís![2] Bhí an tseirbhís traenach idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste *An Enterprise*, gnóthach inniu den chéad uair le míonna. Ó mhí Lúnasa nuair a thug píosa den iarnród uaidh, bhí ar phaisinéirí aistriú ón traein go bus ag Droichead Átha agus dá bharr thit líon na bpaisinéirí 60% meastar. Cé go raibh moill ceathrú uaire ar an tseirbhís inniu, bhí éileamh air.

An Pobal
Táimid sásta go bhfuil siad ar ais. Seirbhís mhaith, chompordach[3].
Tá sé go hiontach, an-mhaith!

Creimeadh farraige a deirtear ba chúis le fiche méadar den iarnród ar dhroichead i Mullach Íde i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath ligean[4] uaidh i Mí Lúnasa. Táthar ag dréim le torthaí fiosrúcháin maidir le seo sa bhliain úr.

Deir Translink gur chaill siad dhá mhilliún punt siocair titim i líon na bpaisinéirí ón am sin ach chaill Iarnród Éireann deich milliún euro. San áireamh ansin fosta, tá an t-airgead ar obair innealtóireachta, ag cóiriú an droichid, agus an tseirbhís bus a chur ar fáil idir Droichead Átha[5] agus Baile Átha Cliath.
Beidh an tseirbhís traenach ag taisteal níos moille ar feadh míosa amach romhainn ar an phíosa úr iarnróid ach deir paisinéirí anseo gur mór an lúcháir atá orthu í a bheith ar ais agus an Nollaig ag tarraingt orainn. Táthar ag tairiscint táillí lascaine ar feadh sé seachtainí anois le custaiméirí a mhealladh ar ais.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4 ag príomhstáisiún traenach Bhéal Feirste.

[1] Idir Bhaile Átha Cliath deirtear
[2] Ar ais aríst deirtear
[3] Seirbhís maith compordach deirtear
[4] Ligint a deirtear
[5] Idir Dhroichead Átha a deirtear